**RABHADH**
Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30**

**Treoracha d'Iarrthóirí:**

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh

- Maidir le Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 *ar leathanaigh 14, 15 agus 16*
  Freagair (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 5 *ar leathanaigh 17 agus 18*
  Seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 mharc)**

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla*: Bhaintí úsáid *as bró*:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | sa ghlantachán | ☐ | (b) | sa mhuilleoireacht | ✓ |
| (c) | sa sníomh | ☐ | (d) | san fhíodóireacht | ☐ (1) |

***1.*** Is é a thomhaistear le teirmiméadar ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | fad | ☐ | (b) | leithead | ☐ |
| (c) | luas na gaoithe | ☐ | (d) | teocht | ☐ (1) |

***2.*** Ciallaíonn 'réabhlóid':

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | athrú iomlán nó iompú timpeall | ☐ | (b) | gorta | ☐ |
| (c) | galar | ☐ | (d) | crainn | ☐ (1) |

***3.*** Is iad a thóg cloigthithe ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Lochlannaigh | ☐ | (b) | Normannaigh | ☐ |
| (c) | Manaigh | ☐ | (d) | Sasanaigh | ☐ (1) |

***4.*** Cé acu díobh seo a leanas a bhfuil **GÁ** ag daoine leo?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | teilifís | ☐ | (b) | uisce | ☐ |
| (c) | ríomhairí | ☐ | (d) | ceol | ☐ (1) |

***5.*** Seasann triantán dearg ar Léarscáil Ordanáis do:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | stáisiún Garda | ☐ | (b) | brú óige | ☐ |
| (c) | stáisiún traenach | ☐ | (d) | both teileafóin | ☐ (1) |

***6.*** Cé acu de na tíortha seo a leanas **NACH BHFUIL** san Aontas Eorpach?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | An Fhrainc | ☐ | (b) | An Spáinn | ☐ |
| (c) | An Bheilg | ☐ | (d) | An India | ☐ (1) |

*7.* Cé acu ceann díobh seo a leanas **NACH** cathair in Éirinn í?

(a) Luimneach ☐ (b) Cill Chainnigh ☐

(c) Learpholl ☐ (d) Corcaigh ☐ (1)

*8.* Séard atá i scoileanna, coláistí agus ollscoileanna ná ionaid le haghaidh:

(a) caitheamh aimsire ☐ (b) tionscal ☐

(c) airgeadas ☐ (d) oideachas ☐ (1)

*9.* Is ainm eile ar *flat* ná:

(a) teach leathscoite ☐ (b) teach sraithe ☐

(c) árasán ☐ (d) teach scoite ☐ (1)

*10.* Cuir in iúl cá bhfuil na tíortha seo: An tSomáil, An Aetóip agus An Chéinia?

(a) An Eoraip ☐ (b) Meiriceá Thuaidh ☐

(c) Meiriceá Theas ☐ (d) An Afraic ☐ (1)

*11.* Fadó, is éard a thugtaí ar dhaoine a bhí in ann léamh agus scríobh ná:

(a) cócairí ☐ (b) scríobhaithe ☐

(c) potairí ☐ (d) sacsanaigh ☐ (1)

*12.* Is éard is mó atá i limistéar cónaithe ná:

(a) monarchana ☐ (b) stáisiúin chumhachta ☐

(c) tithe ☐ (d) oifigí ☐ (1)

*13.* Rinne an Réabhlóid Thionsclaíoch athruithe móra maidir le:

(a) cogadh ☐ (b) oideachas ☐

(c) coilíniú ☐ (d) monarchana ☐ (1)

*14.* Is codanna iad droichead tógála, forbhalla, agus móta de:

(a) cloigtheach ☐ (b) uaimh thalún ☐

(c) tuama pasáiste ☐ (c) caisleán ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**An tseanRóimh NÓ**

**An tseanGhréig NÓ**

**An tseanÉigipt NÓ**

**Domhan na nIncach**

- Roghnaigh agus scríobh síos ceann **AMHÁIN** ón liosta thuas:

______________________________________________

- Maidir leis an gceann atá roghnaithe agat, freagair na ceisteanna a leanas:

***1.*** Cén cineál tithe a bhíodh acu?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

***2.*** Cén cineál éadaí a chaithidís?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

***3.*** Cén cineál nósanna adhlactha a bhíodh acu?

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

(6)

**(C) LONNAÍOCHT IN ÉIRINN** **(6 mharc)**

Déan staidéar ar an bpictiúr de chaisleán thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




***1.*** Ainmnigh na codanna A, B agus C.

Is é a thugtar ar A ná m______________________________ (1)

Is é a thugtar ar B ná b______________________________ (1)

Is é a thugtar ar C ná d______________________________ (1)

***2.*** Ainmnigh ábhar **AMHÁIN** a úsáideadh chun an lonnaíocht seo a thógáil.

______________________________ (1)

***3.*** Cén fáth go mbeadh sé deacair na foirgnimh ag B agus C a ionsaí?

______________________________

______________________________ (2)

## CEIST 2
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó cuid (B).**


**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**


Úinéireacht Talún in Éirinn 1600 – 1703.

| *Úinéireacht Talún* | 1600 | 1641 | 1703 |
|---|---|---|---|
| **Caitlicigh** | 90% | 60% | 15% |
| **Protastúnaigh** | 10% | 40% | 85% |

***1.*** Taispeánann na figiúir thuas go ndeachaigh céatadán (%) na gCaitliceach a raibh talamh acu in Éirinn síos ó ________ in 1600 go __________ in 1703 agus go ndeachaigh céatadán (%) na bProtastúnach a raibh talamh acu in Éirinn suas ó _________ in 1600 go ________ in 1703. (8)

***2.*** Bain úsáid as na figiúirí thuas agus comhlánaigh na graif thíos chomh néata agus is féidir leat.




(4)

***3.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** le plandálacha in Éirinn.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***4.*** Cén tír as a dtáinig na lonnaitheoirí?

______________________________________________ (2)

***5.*** Cad iad na hathruithe i saol na hÉireann a tháinig leo?

Teanga: ______________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Creideamh: ___________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Talmhaíocht: __________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Bailte: _______________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8)



**[Thall**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Léigh na scéalta thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.**

*Tá Joao Gilberto 14 bliana d'aois agus ní dheachaigh sé ar scoil riamh. Cónaíonn sé sa favela in Rocinha i Rio de Janeiro, sa Bhrasaíl. Tá cuid dá theach déanta as bríce agus an chuid eile as adhmad. Tá dhá sheomra ann: is cistin ceann díobh agus is seomra codlata/maireachtála an ceann eile. Sa seomra sin tá leaba mhór dhúbailte amháin, agus dhá bhuncleaba dhúbailte, chomh maith le vardrús, cófra, raidio, fean leictreach agus gléas teilifíse.*

*Bíonn ochtar ina gcodladh sa seomra: athair Joao atá dífhostaithe, a mháthair a thuilleann $35 sa mhí mar bhean níocháin do theaghlach saibhir; deartháir Joao atá níos sine agus beirt deirfiúracha atá níos óige; a uncail agus col ceathrar. Codlaíonn triúr sa leaba mhór agus an cúigear eile sna buncleapacha.*

*Tá bruscar mórthimpeall ar theach Joao – seanchannaí stáin, buidéil, giobail agus dramhaíl eile. Tá an-chuid bruscair sna favelas, agus toisc nach mbailítear na boscaí bruscair, tá cairn bhruscair ar fud na háite. Ní cheapann Joao go mbeidh dóthain airgid riamh aige chun cónaí in áit eile.*

***1.*** Cén aois atá Joao Gilberto? ________________________________ (1)

***2.*** Cá gcónaíonn sé? ________________________________ (1)

***3.*** An dtéann sé ar scoil? ________________________________ (1)

***4.*** Cé mhéad duine atá ina gcónaí i dteach Joao? ________________________ (1)

***5.*** Cén fáth go mbíonn favelas lán de bhruscar? ________________________

________________________________________________

________________________________________________ (2)

***6.*** Oibríonn máthair Joao do theaghlach saibhir. An dóigh leat go bhfuil cónaí ar an dteaghlach seo sa favela? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________ (3)

***7.*** Conas a d'fhéadfadh Joao feabhas a chur ar a dheiseanna chun jab a fháil agus saol níos fearr a bheith aige?

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________ (3)

*Tá cara ag Joao darb ainm Maria. Tá sí 15 agus cónaíonn sí in Rocinha freisin. Tá a hathair ag obair mar dhoirseoir in ospidéal agus tuilleann sé $80 sa mhí, agus oibríonn a máthair mar fhreastalaí bialainne agus tuilleann sí thart ar $50 sa mhí. Téann Maria ar scoil gach lá sula gcuidíonn sí lena seanmháthair ag ní éadaí sa tráthnóna.*

*Bhog seanmháthair Maria go dtí Rio de Janeiro as áit darb ainm Pernambuco sa taobh thoir-thuaidh den Bhrasaíl. Thug sí a clann go Rio chun slí bheatha níos fearr a lorg. Fiú má chónaíonn siad i favela, is fearr é ná an saol in Pernambuco.*

*Tá an-spéis ag teaghlach Maria ina bpobal. I gcomhar le roinnt comharsana, d'eagraigh siad glantachán ar na sráideanna gar dá dteach, agus anois tá siad ag iarraidh go dtógfaí ionad leighis.*

*Ba mhaith le Maria a bheith ina cónaí lá éigin in árasán gar do Thrá Copacabana, an áit ina mbíonn a máthair ag obair.*

***8.*** Cá gcónaíonn Maria? ______________________________ (1)

***9.*** Cá raibh seanmháthair Maria ina cónaí roimh an favela?

______________________________ (1)

***10.*** Cén fáth gur bhog seanmháthair Maria go dtí Rio de Janeiro?

______________________________

______________________________ (3)

***11.*** Cad tá déanta ag teaghlach Maria chun feabhas a chur ar an áit ina gcónaíonn siad?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (3)

***12.*** Cé acu is dóichí a bheidh in ann bogadh amach as an favela? Joao nó Maria?
Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (2)

***13.*** Luaigh difríocht **AMHÁIN** idir do shaol in Éirinn agus an saol atá ag Joao agus Maria sa favela.

______________________________

______________________________


______________________________ (2)

# CEIST 3
**24 marc**

**Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C).**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)

**Aois oibrithe i muilte cadáis in Lancashire 1833**




Féach ar an ngraf thuas agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

***1.*** Bhí aois idir ___________ agus ____________ ag 2300 de na hoibrithe sna monarchana. (1)

***2.*** Cé mhéad oibrí a raibh aois 17 go 21 acu? ___________________________________ (1)

***3.*** Cén aoisghrúpa a raibh an líon is lú oibrithe ann? _____________________________ (1)

***4.*** An raibh monarchana sábháilte mar áit oibre do pháistí? Tabhair cúis le do fhreagra.


_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________ (2)

***5.*** Cén fáth go mb'fhearr le húinéir monarchan páistí a bheith ag obair dó seachas daoine fásta?

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________ (2)



Taispeánann an pictiúr seo daoine ag obair i monarcha.
Féach ar an bpictiúr, agus freagair na ceisteanna thíos:

***6.*** Cén rud atá á dhéanamh sa mhonarcha? Cuir tic leis an bhfreagra ceart.

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) gual | ☐ | (b) cruach | ☐ |
| (c) cadás | ☐ | (d) im | ☐ |

(1)

***7.*** Is minic a d'fhostaigh na monarchana páistí. Cén sórt oibre a rinne páistí i monarchana?

__________________________________________________________

__________________________________________________________ (2)

***8.*** In Éirinn inniu, an ligtear do pháistí beaga a bheith ag obair i monarchana? Cén fáth sin, an dóigh leat?

__________________________________________________________

__________________________________________________________ (2)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**



*Ní áiteanna an-deasa a bhí sna trinsí. Bhí siad an-chaol agus bhí cuid mhaith fear ina gcónaí an-ghar dá chéile iontu. Bhí na trinsí chomh glórach sin nach bhféadfá codladh a dhéanamh ach amháin nuair a thit tú i laige.*

*Nuair a bhí an troid ar siúl, chuirtí na saighdiúirí beagnach san áit inar thit siad. Uaireanta níor cuireadh coirp toisc nach raibh na saighdiúirí eile in ann teacht chomh fada leo. Idir coirp ag lobhadh agus blúiríní bia, mealladh cuid mhaith francach.*

*Is minic a thagadh cosa morgacha ("Trench Feet') ar shaighdiúirí sna trinsí. Tharla sé sin toisc cosa na saighdiúirí a bheith fliuch i gcónaí nach raibh siad in ann stocaí a athrú. D'éiríodh an craiceann an-bhog agus ansin tharlaíodh galrú. Is minic go mb'éigean méaracha coise a bhaint díobh.*

***1.*** Cén fáth go raibh na trinsí glórach an dóigh leat?

____________________________________________ (1)

***2.*** Cén fáth nár cuireadh roinnt de na coirp?

____________________________________________ (1)

***3.*** Cén fáth ar tháinig Cosa Morgacha ar shaighdiúirí go minic sna trinsí?

____________________________________________

____________________________________________ (2)

***4.*** Cérbh é Latrach an Áir?

____________________________________________

____________________________________________ (2)

***5.*** Scríobh alt gearr ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Iomaíocht na nArm;
(b) Uirlisí nua cogaidh a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;
(c) Cathshuaitheadh (Shellshock);
(d) Conradh na Náisiún.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ (6)

## (C) AN DARA COGADH DOMHANDA (12 mharc)



*In 1940 cuireadh tús leis na haer-ruathair. Bhí an-eagla ar a lán daoine le linn na chéad chúpla lá den 'Blitz'. Maraíodh a lán daoine nó gortaíodh iad sa bhuamáil.*

*Bhí scáthlán Anderson againn inár ngairdín, ach bhí sé an-tais taobh istigh. Mar sin níor bhaineamar mórán úsáide as agus théimis a chodladh faoinár mbord láidir dara sa chistin. Dá séidfí bonnáin an aer-ruathair sa tráthnóna ní thugaimis aon aird orthu ach leanaimis ar aghaidh ag ithe an tae nó ag imirt cártaí go dtí go gcloisimis buamaí ag teacht i ngar agus ansin phreabaimis isteach faoi chumhdach an bhoird.*

*Uair amháin, thuirling buama an-ghar dúinn, agus shéid sé na fuinneoga go léir isteach. Bhí deatach agus gloine i ngach áit, ach bhí an t-ádh orainn agus bhíomar go léir slán sábháilte. Théadh a lán daoine a chodladh sna stáisiúin faoin talamh le linn an 'Blitz'.*

***1.*** Cén bhliain ar cuireadh tús leis na haer-ruathair? ________________________________ (1)

***2.*** Conas a bhí a fhios acu go raibh aer-ruathar ag tosú?

________________________________________________________________________ (1)

***3.*** Is giorrúchán ar Blitzkrieg é Blitz. Cérbh é Blitzkrieg?

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________ (2)

***4.*** Cén fáth go mba áiteanna sábháilte codlata iad na stáisiúin faoin talamh i Londain le linn an Blitz?

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________ (2)

***5.*** Scríobh alt gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:
(a) Aslonnú páistí; (b) Ciondáil; (c) Cath na Breataine; (d) Scáthlán aer-ruathar.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________ (6)

# CEIST 4

**24 marc**

**FREAGAIR na TRÍ CHUID (A), (B) agus (C).**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA** **(8 marc)**

Taispeánann an daonáireamh is déanaí in Éirinn méadú mór ar an daonra i roinnt bailte móra in Éirinn:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An Uaimh | 51% | Droichead Nua | 25% | Cill Droichid | 30% |
| Droichead Átha | 22% | Sord | 21% | An Nás | 30% |

***1.*** Cén baile mór inar tháinig an méadú faoin gcéad is mó ar a dhaonra?

______________________________________________ (2)

***2.*** Tá an daonra atá ag dul i méid i mBaile Átha Cliath agus sna bailte thart timpeall ar Bhaile Átha Cliath ina chúis le roinnt fadhbanna móra, ar nós:

- Trácht
- Tithíocht
- Timpeallacht.

Scríobh ar cheann **AMHÁIN** de na fadhbanna thuas, agus mol roinnt bealaí inar féidir feabhas a chur ar an scéal.

Is é an fhadhb ná ______________________________________________

Chun feabhas a chur ar an bhfadhb sin, is dóigh liom gur féidir ____________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (6)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA** **(8 marc)**

Amanna airíonn daoine go bhfuil gá leis an tseanáit a fhágáil agus le cur futhu in áit nua, sé sin **Brú**.
Amanna eile braitheann daoine go bhfuil saol níos fearr ar fáil in áiteanna eile agus mealltar iad, sé sin **Tarraingt**.

Déan staidéar ar an bpainéal thíos agus abair cén cineál cúis leis an imirce atá i gceist: **Brú nó Tarraingt**?


Scríobh **Brú nó Tarraingt** sa cholún ar thaobh na láimhe deise.

| **Cúis** | **Brú nó Tarraingt?** |
|---|---|
| Feictear stíl bheatha na cathrach a bheith níos spreagúla | |
| Gan jabanna sa limistéar seachas feirmeoireacht | |
| Níos mó deiseanna oideachais sa chathair | |
| Drochthalamh feirmeoireachta | |
| Tithíocht níos fearr le fáil – leictreachas, uisce | TARRAINGÍONN DAOINE GO DTÍ AN CHATHAIR |
| Níos mó jabanna sa chathair | |
| Seirbhísí leighis rófhada ó bhaile | |
| Scoileanna ag dúnadh i ngeall ar líon beag scoláirí | |
| Baill den teaghlach ina gcónaí sa chathair cheana féin | |

(8)

**(C) AN DOMHAN ÉAGOTHROM** **(8 marc)**

Taispeánann an chairt seo an t-ionchas saoil atá ag daoine i seacht gcinn de thíortha. Déan staidéar ar an gcairt sin agus freagair na ceisteanna thíos.




*1.* Cén tír is faide ina maireann na mná?

________________________________________ (1)

*2.* Cad é an t-ionchas saoil atá ag fear sa tSomáil?

____________________ bliain (1)

*3.* Cén tír ag a bhfuil an t-ionchas saoil is lú do mhná?

________________________________________ (1)

*4.* Cén tír ina maireann na fir níos faide ná na mná?

________________________________________ (1)

*5.* Tabhair **DHÁ** chúis, dar leat, go maireann daoine níos faide i dtíortha áirithe ná i dtíortha eile.

1. ________________________________________

________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

**CEIST 5**

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis S.O. 1 : 50,000 a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an Léarscáil Baile Átha Fhirdia agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Luaigh ainm abhann **AMHÁIN** a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh an Príomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________________________________ (2)

***3.*** Luaigh píosa **AMHÁIN** fianaise ón léarscáil go raibh daoine ina gcónaí sa cheantar seo fadó.

____________________________________________ (2)

***4.*** Cad tá ag tagairt greille N 959 909?

____________________________________________ (2)

***5.*** Cén t-ainm atá ar an bpointe is airde ar an léarscáil?

____________________________________________ (2)

***6.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise ón léarscáil a léiríonn gur ceantar réidh cothrom é seo den chuid is mó.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ (4)

Scrúdaigh an t**AERFÓTAGRAF** daite a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an fótagraf cuid de Bhaile Átha Fhirdia.

***7.*** Cén úsáid a bhaintear as an talamh atá le feiceáil sa chúlra den fhótagraf?
Déan rogha as: úsáid thionsclaíoch, úsáid le haghaidh caitheamh aimsire, úsáid le haghaidh talmhaíochta.

____________________________________________ (2)

***8.*** Cén sórt gnó atá sa lárthulra (tosach) den fhótagraf, an dóigh leat?

______________________________________________________________ (2)

***9.*** Cén úsáid a bhaintear as an talamh mórthimpeall ar fhoirgneamh an tséipéil (sa lár ar clé)?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (2)

***10.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise a léiríonn gur baile gnóthach é Baile Átha Fhirdia.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (4)

Leathanach Bán

Leathanach Bán